Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Nollaig 2023
(OR. en)

16277/23
PV CONS 62
SOC 843
EMPL 606
SAN 718
CONSOM 456

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

30 Samhain 2023

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15801/23.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 16031/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Uathriail Straitéiseach Oscailte ó thaobh na sláinte de**[1] 15064/23
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le huathriail straitéiseach oscailte ó thaobh na sláinte de.

4. **Conclúidí maidir leis an Meabhairshláinte** 15053/23 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir leis an meabhairshláinte mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.
Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Aon ghnó eile**

5. **(a) Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i) Rialachán maidir le táillí agus muirir is iníoctha le EMA** 16070/22 + COR 1 ADD 1-7

**(ii) Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte** 8751/22 + ADD 1

**(iii) Rialachán maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta le haghaidh substaintí de bhunús daonna a bheartaítear lena n-úsáid sa duine** 11396/22

[1] Agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) i láthair.

**(iv) Athbhreithniú ar an bpacáiste cógaisíochta:**

– **Treoir maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine** 8759/23 + ADD 1

– **Rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach** 8758/23 + ADD 1

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis na tograí reachtacha reatha, chomh maith leis na barúlacha ón gCoimisiún agus ó thoscaireachtaí na Danmhairge, na Gearmáine, na hÉireann, na Fraince, na hIodáile, na hOstaire agus na Slóivéine.

**(b) Sláinte agus Athrú aeráide** 15377/2/23 REV 2

*Faisnéis ó thoscaireacht Mhálta, thar ceann thoscaireachtaí na Beilge, na Seice, na Danmhairge, na Gearmáine, na hEastóine, na hÉireann, na Gréige, na Fraince, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, na hUngáire, Mhálta, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice, na Slóivéine agus na Fionlainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht Mhálta ar fáil maidir le sláinte agus athrú aeráide, chomh maith leis na barúlacha ón gCoimisiún agus ó thoscaireachtaí na Cipire, na Laitvia, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Portaingéile agus na Slóivéine.

**(c) Comhoibriú agus seisiún maidir le COVID Fadmharthanach** 15513/1/23 REV 1

*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Gearmáine agus na hÍsiltíre, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Seice, na Fraince, na Cipire, Lucsamburg, Mhálta, na hOstaire, na Portaingéile agus na Fionlainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Gearmáine agus na hÍsiltíre ar fáil maidir le COVID fadmharthanach, chomh maith leis na barúlacha ón gCoimisiún agus ó thoscaireacht na Slóivéine.

(d) **Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Feistí Leighis (MDR) agus an Rialacháin maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro (IVDR)** 15385/2/23 REV 2
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Beilge, na Seice, na Gearmáine, na hÉireann, na hIodáile, Lucsamburg, na hÍsiltíre, na hOstaire agus na Fionlainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Fraince ar fáil maidir le cur chun feidhme MDR agus IVDR, chomh maith leis na barúlacha ón gCoimisiún agus ó thoscaireachtaí na Beilge, na Gearmáine, na hÉireann, na hIodáile, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Portaingéile agus na Slóivéine.

(e) **An tionscnamh 1+ Milliún Géanóim (1+MG) agus cur chun feidhme Threochlár 1+MG 2023-2027 – staid na himeartha** 15274/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hEastóine, le tacaíocht ó thoscaireacht na Fionlainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hEastóine ar fáil maidir leis an Tionscnamh 1+ Milliún Géanóim agus cur chun feidhme Threochlár 1+MG 2023-2027 chomh maith leis na barúlacha ón gCoimisiún agus ó thoscaireachtaí na hEastóine agus na Slóivéine.

(f) **Cur chuige comhchoiteann agus eagrú aslonnaithe leighis saoránach gortaithe as Gaza** 15423/2/23 REV 2
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na hÉireann, na Fraince, na hIodáile, Lucsamburg, Mhálta, na hÍsiltíre agus na Portaingéile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Beilge ar fáil maidir leis an staid dhaonnúil in Gaza agus na barúlacha ón gCoimisiún agus ó thoscaireachtaí na Gearmáine, na hÉireann, na Gréige, na Cipire, na hÍsiltíre, na Polainne, na Portaingéile agus na Slóivéine.

(g) **Comhdhálacha na hUachtaránachta** 15351/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoi na comhdhálacha a eagraíodh le linn an dara seimeastar de 2023.

(h) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) — 15370/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

(i) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

---

❶ An chéad léamh

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

## RÁITEAS A GHABHANN LEIS AN MÍR REACHTACH 'B' A LEAGTAR AMACH IN 15801/23

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'B':** | **Conclúidí maidir leis an Meabhairshláinte**<br>*Formheas* |

### RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Aithníonn an Ungáir agus cuireann sí chun cinn an comhionannas idir fir agus mná i gcomhréir le Dlí Bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, tuigeann an Ungáir an téarma 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus an coincheap 'comhionannas inscne' mar thagairt do 'cearta comhionanna agus comhionannas deiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sna dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte.

Dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Aontas an Chomhionannais: an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025', a luaitear i bhfonóta sna dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte, a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'